An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Bailte Seirbhíse Gaeltachta

# Ceisteanna Coitianta

### 1. Cad atá i gceist le Baile Seirbhíse Gaeltachta?

Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na limistéir sin. Faoin Acht, caithfidh daonra de 1,000 duine ar a laghad a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, chun gur féidir é a áireamh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

Tá Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Ghaeltachta, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta nó lasmuigh de.

### 2. Cad é an cuspóir?

Tabharfaidh stádas reachtúil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta 2012 aitheantas ar leith do bhaile ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do cheantair Ghaeltachta. Trí phlean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ar an mbaile, táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile ar an mbaile chun tacú leis an nGaeilge.

Is é an cuspóir a bheidh ag an bplean teanga ná cur le húsáid na Gaeilge ar an mbaile faoi mar a bhaineann sé le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí.

## 3. Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith aitheanta mar bhaile seirbhíse Gaeltachta

Is gné uathúil dhíolacháin í an Ghaeilge agus gnólachtaí ag iarraidh buntáiste iomaíoch a bhaint amach sa mhargadh. Is uirlis í an Ghaeilge ar féidir le gnólachtaí í a úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir iad féin agus a gcuid iomaitheoirí, go háirithe maidir le seirbhís trí Ghaeilge a thabhairt dá gcuid custaiméirí ón nGaeltacht.

Is sócmhainn chultúrtha í an Ghaeilge ar féidir leas a bhaint aisti chun íomhá dhearfach de bhaile a chur chun cinn agus chun turasóireacht chultúrtha a mhealladh chuig an mbaile.

Ní miste an staidéar a choimisiúnaigh an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge, Samhain 2009 maidir le buntáistí geilleagracha na Gaeilge a lua sa chomhthéacs seo. Léirigh an staidéar seo atá ar fáil ag http://www.gleg.ie/taighde/

- gur fiú breis agus €136 milliún an Ghaeilge do chathair agus do chontae na Gaillimhe gach bliain agus gur fiú thart ar €59 milliún de seo do chathair na Gaillimhe;
- ón €136 milliún sin, go raibh tionchar geilleagrach €41 milliún ag turasóireacht a bhaineann leis an nGaeilge i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe in 2008;
- go ndúirt breis is 91% de ghnólachtaí chathair na Gaillimhe a ghlac páirt i suirbhé don staidéar go raibh an Ghaeilge 'tábhachtach' nó 'an-tábhachtach' d'fhéiniúlacht chultúrtha chathair na Gaillimhe, gur sócmhainn turasóireachta í agus gné uathúil tharraingteach d'íomhá na Gaillimhe;
- gur chaith idir theaghlaigh agus ghnólachtaí na Gaeltachta €705 milliún i gcathair na Gaillimhe in 2006. Ón €705 milliún sin, chaith teaghlaigh Ghaeltachta, iad siúd atá sa chuid sin den Ghaeltacht atá sa chathair ina measc, €400 milliún ar dhíolachán miondíola in 2006. Chaith gnólachtaí Gaeltachta €305 milliún sa chathair ar cheannach earraí agus seirbhísí in 2006.
- gur chothaigh na fiontair a fhaigheann tacaíocht ón Rialtas agus na seirbhísí Stáit teangabhunaithe atá cruinnithe ar chathair agus ar Ghaeltacht na Gaillimhe thart ar 3,300 post lánaimseartha agus 2,000 post páirtaimseartha in 2007;
- go bhfuil an earnáil chlosamhairc Ghaeilge ar cheann de na hearnálacha is tábhachtaí laistigh de gheilleagar Ghaeltacht na Gaillimhe. Chuir an earnáil seo €24.3 milliún breise leis an Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP) in 2007; agus
- laistigh d'earnáil na turasóireachta, gur cuid thábhachtach den ghníomhaíocht gheilleagrach iad na coláistí Gaeilge samhraidh i nGaeltacht na Gaillimhe. Shaothraigh siad €14 mhilliún don cheantar in 2007.

Chomh maith leis sin, is cinnte go mbeadh stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ina chabhair mhór d'aon bhaile ar spéis leo iarratas a dhéanamh chun ceann de na mór-fhéilte ar nós Oireachtas na Samhna, An Fhéile Phan-Cheilteach nó Fleadh Cheoil na hÉireann a mhealladh.

Ina theannta sin bheadh aitheantas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ina chabhair mhór don bhaile i gcás go mbeadh iarratas á dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta/ Foras na Gaeilge ar mhaoiniú faoi na scéimeanna a bhíonn á reáchtáil ag an dá eagraíocht de réir mar a oireann.

### 4. Cad iad na céimeanna faoi leith atá sa phróiseas pleanála teanga mar a bhaineann sé leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta?

Leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála Teanga na 7 gcéim faoi leith atá sa phróiseas pleanála teanga mar a bhaineann sé leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta. Seo a leanas na céimeanna atá i gceist:

- Próiseas Comhairliúcháin
- Fógraí faoi na Bailte Seirbhíse Gaeltachta
- Roghnú eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga
- Pleananna teanga a ullmhú – (Tréimhse suas le dhá bhliain)
- Bailte Seirbhíse Gaeltachta a ainmniú le hordú
- Pleananna teanga a chur i bhfeidhm – (Tréimhse seacht mbliana)
- Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga.

### 5. Cén chaoi ar roghnaíodh na bailte le bheith mar bailte seirbhíse féideartha agus cén ról atá ag Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge?

Lorgaíodh moltaí thar thréimhse an tsamhraidh 2014 ó pháirtithe leasmhara maidir leis na bailte is oiriúnaí le bheith roghnaithe mar bhailte seirbhíse Gaeltachta. Fuarthas fiche aighneacht de thoradh an phróisis sin. Agus an liosta bailte á gcur i dtoll a chéile, cuireadh an méid a bhí molta sna haighneachtaí san áireamh in éineacht leis:

- na bunchritéir cháilithe atá luaite san Acht maidir leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta;
- na moltaí a rinneadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht - 2007*; agus
- na tuairimí uile a fuarthas faoin bpróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear tuairimí Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.

Is é Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh ag obair i gcomhar le heagraíochtaí cuí maidir le hullmhú agus feidhmiú pleananna teanga sna bailte seo, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht.

Foilseofar na fógraí faoin Acht thar thréimhse ama de réir mar a bheidh eagraíochtaí réitithe chun iarratais a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, agus de réir mar a bheidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge réitithe chun cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna bailte éagsúla.

6. **Cén cineál eagraíochta atá á lorg chun plean a ullmhú agus a fheidhmiú?**

Is gá don eagraíocht a bheith lonnaithe sa bhaile i gceist agus na scileanna agus an taithí chuí i réimse na Gaeilge agus na forbartha pobail a bheith aici chun a bheith ceannasach as plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú don bhaile - i gcomhar le páirtithe leasmhara eile mar is cuí.

Tá grúpa meastóireachta bunaithe idir an Roinn, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge atá freagrach as an bpróiseas faoina roghnaítear eagraíochtaí don chúram. Tá tuilleadh eolais faoi chonas iarratas a dhéanamh ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar a oireann. Feic an tábla thíos:

7. **Cad iad na Bailte atá roghnaithe mar bhailte a d'fheadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta?**

| **Contae** | **Baile** | **Foras stáit ag plé leis** |
|---|---|---|
| **Dún na nGall** | Leitir Ceanainn<br>An Clochán Liath<br>Baile Dhún na nGall | Foras na Gaeilge<br>Údarás na Gaeltachta<br>Foras na Gaeilge |
| **Maigh Eo** | Béal an Mhuirthead<br>Baile an Róba<br>Caisleán an Bharraigh | Údarás an Gaeltachta<br>Foras na Gaeilge<br>Foras na Gaeilge |
| **Gaillimh** | Cathair na Gaillimhe<br>An Clochán | Foras na Gaeilge<br>Foras na Gaeilge |
| **Ciarraí** | Daingean Uí Chúis<br>Trá Lí<br>Cathair Saidhbhín | Údarás na Gaeltachta<br>Foras na Gaeilge<br>Foras na Gaeilge |
| **Corcaigh** | Cathair Chorcaí<br>Maigh Chromtha | Foras na Gaeilge<br>Foras na Gaeilge |
| **Port Láirge** | Dún Garbhán | Foras na Gaeilge |
| **An Mhí** | Baile Átha Buí<br>An Uaimh | Foras na Gaeilge<br>Foras na Gaeilge |

## 8. Conas iarratas a dhéanamh

Is féidir le heagraíocht iarratas a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge (ag brath ar cibé an bhfuil an baile suite laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht) le bheith aitheanta mar an eagraíocht a thabharfaidh faoi phlean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú don bhaile atá i gceist ach teagmháil a dhéanamh le ceachtar den dá eagraíocht, de réir mar a oireann, ag na seoltaí a leanas:

- Údarás na Gaeltachta: (091)503100, Údarás na Gaeltachta,
  Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, iarrataspt@udaras.ie
- Foras na Gaeilge: (074)9558126, Foras na Gaeilge, An Chrannóg,
  Na Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall, bsg@forasnagaeilge.ie

Iarrfar ar eagraíochtaí foirm iarratais a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge ag bráth ar cé acu atá an baile suite laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht.

## 9. Conas a dhéanfar measúnú ar iarratais?

Scrúdóidh coiste measúnaithe atá comhdhéanta d'ionadaíocht ón bhForas, ón Údarás agus ón Roinn araon iarratais a fhaightear faoi réir na gcritéar a leanas:

- Struchtúr/ionadaíocht don phobal
- Taithí forbartha pobail
- An cur chuige atá beartaithe
- Stádas airgeadais/maoinithe
- Cumarsáid agus margaíocht

Is féidir go n-iarrfar ar eagraíocht cur i láthair a dhéanamh faoin iarratas

## 10. Cén córas marcála a bheidh in úsáid le measúnú a dhéanamh

| Critéir Mharcála | Meáchan | Marc Bronnta |
|---|---|---|
| Struchtúr/Ionadaíocht don Phobal | 15% | |
| Taithí Forbartha Pobail | 25% | |
| Cur chuige Pleanála Teanga atá molta | 30% | |
| Stádas airgeadais/maoinithe | 10% | |
| Cumarsáid agus Margaíocht | 10% | |
| Acmhainn ó thaobh na Gaeilge | 10% | |

MARC IOMLÁN _______%

## 11. Cad iad na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta atá i gceist?

Seo a leanas na 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta atá aitheanta chun críche Acht na Gaeltachta 2012:

**Co. Dhún na nGall**
- Tuaisceart Dhún na nGall
- Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir
- Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh
- Na Rosa
- Árainn Mhór
- An Ghaeltacht Láir
- Dún na nGall Theas
- Toraigh

**Co. Mhaigh Eo**
- Maigh Eo Thuaidh
- Maigh Eo Thiar

**Co. na Gaillimhe**
- Oileáin Árann
- Ceantar na nOileán
- An Cheathrú Rua
- Conamara Láir
- Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh
- Cois Fharraige
- Maigh Cuilinn
- Bearna agus Cnoc na Cathrach
- Oirthear Chathair na Gaillimhe
- An tEachréidh

**Co. Chiarraí**
- Ciarraí Thiar
- Ciarraí Theas

**Co. Chorcaí**
- Múscraí
- Cléire

**Co. Phort Láirge**
- Na Déise

**Co. na Mí**
- Ráth Chairn agus Baile Ghib

## 12. Cad iad na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoi Acht na Gaeltachta 2012 i leith Bailte Seirbhíse Gaeltachta?

Seo a leanas na critéir pleanála teanga a bhaineann leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta:

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta nó ag Foras na Gaeilge, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (5), (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 9 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh ar an mbaile iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu ar an mbaile iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an mbaile iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar ar an mbaile iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 (an tAcht Oideachais 1998) a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge ar an mbaile iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil ar an mbaile iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais ar an mbaile iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíocht teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge ar an mbaile iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin ar an mbaile iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil ar an mbaile iomchuí, chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéad a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa ar an mbaile iomchuí.
11. A mhéad a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil ghnó ar an mbaile iomchuí.
12. A mhéad a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge ar an mbaile iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge ar an mbaile iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil ar an mbaile iomchuí.
15. A mhéad a thacaíonn an pobal i gcoitinne ar an mbaile iomchuí leis an bplean teanga.

## 13. Cá bhfaighinn tuilleadh eolais faoin ábhar seo?

Tá cur síos cuimsitheach maidir le gach gné den phróiseas pleanála teanga lena n-áirítear an ghné a bhaineann leis na bailte seirbhíse Gaeltachta ar fáil sna **Treoirlínte Pleanála Teanga** a bhfuil fáil orthu ar shuíomh na Roinne ag:

https://assets.gov.ie/86337/c907b60a-5a0d-4374-83d9-aad86260c5bd.pdf

**An Roinn Turasóireachta Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
An Rannóg Pleanála Teanga
Co. na Gaillimhe.
Teil:(091) 503700
r-phost: pleanáilteanga@tcagsm.gov.ie

**Údarás na Gaeltachta**
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 503100
r-phost: iarrataspt@udaras.ie

**Foras na Gaeilge**:
Foras na Gaeilge,
An Chrannóg,
Na Doirí Beaga,
Co. Dhún na nGall,
Teil: (074) 9558126
r-phost: bsg@forasnagaeilge.ie

S20 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018-2022
Ár dTeanga, Ár bPobal